FEIDHMIÚ

SHOCHAÍ AN EOLAIS

IN ÉIRINN

PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

(PN 6727) Eanáir 1999

CLÁR ÁBHAIR

Réamhrá

Bonneagar teileacumarsáide

Forbairt na tráchtála leictreonaí agus deiseanna gnó

Beartais chumasaithe

Beartais reachtúla agus rialúcháin

TEC agus soláthar seirbhísí poiblí

Réimsí tacaíochta ina dteastaíonn gníomhaíocht

Dul chun cinn na hoibre

-

RÉAMHRÁ

1. Mórdhúshlán agus deis iontach d'Éirinn é Sochaí an Eolais. Tá réabhlóid nua tosaithe inár measc a mbeidh impleachtaí níos tromchúisí aici dúinn ná mar a bhí ag aon fhorbairt eile thionsclaíoch i stair an Stáit. Tá struchtúir agus múnlaí nua gnó á bhforbairt ach, murab ionann agus an t-am a caitheadh, tá na forbairtí seo ag dul ar aghaidh ar luas lasrach.

2. Ní foláir gníomhú go tapaidh chun a chinntiú go mbeidh saoránaigh agus gnólachtaí na hÉireann in ann tairbhe a bhaint as Sochaí an Eolais agus cur le síorfheabhsú shochaí agus gheilleagar na tíre. Má táimid chun an dul chun cinn eacnamúil a bhaineamar amach le blianta beaga anuas a bhrú ar aghaidh agus cur leis, agus a

chinntiú go mbeidh an tsochaí uile in ann a bheith páirteach i Sochaí an Eolais, tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeidh Éire ina luath-thiománaí agus ina himreoir domhanda i Sochaí an Eolais.

3. D'fhéadfadh cuid mhór de dhiansaothrú an gheilleagair le blianta beaga anuas dul amú cheal gníomh tapaidh, go háirithe ó tharla go bhféadfadh comhlachtaí a roghnaigh an tír seo mar ionad gníomhaíochta bogadh go tíortha níos forbartha ná í. Ina theanta sin, chiallódh sé go gcaillfí deiseanna chun eisiamh sóisialta a fheabhsú trí úsáid theicneolaíochtaí eolais agus cumarsáide.

4. Tá an Rialtas den tuairim go dteastódh creatlach chuimsitheach ghníomhaíochtaí chun an tír seo a ullmhú le haghaidh Shochaí an Eolais agus chun buntáistí iomlána a bhaint as na deiseanna atá ar fáil di. Agus iad ag teacht ar an tuairim sin, chuir an Rialtas san áireamh tuairimí agus moltaí *an Choimisiúin um Sochaí an Eolais.* Dhearbhaigh roinnt tuarascálacha le déanaí an gá a bhí le cur chuige cuimsitheach comhordaithe. Orthu sin bhí Tuairisc an Choiste Chomhairligh um Theileachumarsáid, ráiteas na Comhairle Náisiúnta um Chumas Iomaíochta ar Theileachumarsáid: Gné Ríthábhachtach den Tráchtáil Leictreonach agus den Chumas Iomaíochta, agus tuairisc Chónascadh Gnó agus Fostóirí na hÉireann (IBEC) dar teideal *Telecommunications after Liberalisation—Policies for Ireland*.

5. Chun creatlach den chineal sin a chur ar fáil, ghlac an Rialtas le Plean Gníomhaíochta a leagann amach réimse beartas a a d'fheilfeadh le haghaidh sochaí cheart eolais a fhorbairt in Éirinn. Cuimsíonn an Plean Gníomhaíochta a leagtar amach sna ranna a leanas roinnt réimsí leathana: bonneagar teileacumarsáide, forbairt na tráchtála leictreonaí agus deiseanna gnó, beartais chumasaithe, beartais reachtúla, TET agus soláthar seirbhísí poiblí, réimsí tacaíochta sna háiteanna a bhfuil gá le gníomhaíocht, agus cur chun cinn na hoibre.

6. Is é aidhm an Phlean Ghníomhaíochta plean cuimsitheach straitéiseach a chuimseodh na tascanna go léir a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu. Mar sin, cuimsíonn sé idir thascanna nua agus thascanna a aithníodh cheana mar thascanna riachtanacha agus, i gcásanna áirithe, a bhfuil an ghníomhaíocht tosaithe cheana féin. Léiríonn sé freisin na Ranna nó na heagrais atá freagrach as gach gníomhphointe. Ar deireadh, tugann sé spriocdháta críochnaithe gach gníomhphointe, má fheileann a leithéid.

7. Féachtar sa Phlean Gníomhaíochta le comhréiteach a dhéanamh idir an gá atá le dul chun cinn sciobtha agus dóthain ama a thabhairt do thascanna áirithe chun go gcríochnófar iad ar bhealach a fheilfidh do ghnéithe eile den phlean. Lena chois sin, i gcomhthéacs úsáid Theicneolaíochtaí Eolais agus Cumarsáide (TEC) sa tseirbhís phoiblí, aithníonn sé gur féidir roinnt leibhéal éagsúil oibre a chur chun cinn san am céanna cé nach gá go gcríocnófaí ag an am céanna iad.

-

BONNEAGAR TEILEACUMARSÁIDE

Nascacht idirnáisiúnta

8. Bunaíodh tascfhórsa atá freagrach don Aire Fiontar Poiblí chun meamram comhaontú a dhréachtadh le soláthróir nascachta maidir le nascacht idirnáisiúnta a chur ar fáil ar mhórscála. Ba cheart go dtiocfaí ar réiteach faoin nascacht sin sa chéad leath de 1999. San am céanna, rachaidh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta**,** i gcomhar le Ranna eile agus áisínteachtaí ábhartha, rachaidh siad ar aghaidh le hidirbheartaíocht chun cuibhreannas a bhunú chun an bonneagar ábhartha a reáchtáil. Scrúdóidh an Roinn Fiontar Poiblí aon bhearta eile a theastódh sa réimse sin.

Ceadúnú cáblaí fomhuirí

9. Faoi dheireadh Feabhra 1999, bunóidh Roinn na Mara agus Acmhainní Nádúrtha, i gcomhar leis an Roinn Fiontar Poiblí, cleachtais shoiléire maidir le deonadh ceadúnas le haghaidh cáblaí fomhuirí.

Cúrsaí rialúcháin

10. Breithneoidh na Ranna ábhartha na bealaí ar cheart comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí Oifig an Stiúrthóra um Rialúcháin Teileachumarsáide, an Údarais Iomaíochta**,** an Choimisiúin Neamhspleách um Raidió agus Telefís (IRTC), agus an eagrais nua a bheidh freagrach as craoladh na teilifise digití i gcomhthéacs na timpeallachta nua comhtháite. Beidh an t-athbhreithniú críochnaithe faoi dheireadh an Mhárta 1999.

Gréasán náisiúnta leathanbhanda

11. Tá £18 milliún (c.23 milliún euro) curtha ar fáil chun cabhrú le gréasán leathanbhanda le nascacht náisiúnta a chur ar fáil. Ullmhóidh an Roinn Fiontar, i gcomhar le Forfás, meastúchán ar riachtanais eile mhaoinithe a bheidh ag teastáil roimh dheireadh an Márta 1999. Ina theannta sin, déanfaidh siad cinneadh cuimsitheach ar a seasamh maidir le haon idirbheartaíocht eile faoi mhaoiniú ón AE faoin gcéad Chreatlach eile um Thacaíocht Phobail d'Éirinn.

Conair dhigiteach ón Tuaisceart go dtí an Deisceart

12. Brostófar cainteanna idir oifigigh ón dá thaobh maidir le conair dhigiteach a d'fhéadfaí a fhorbairt ón Tuaisceart go dtí an Deisceart.

Rochtain logánta

13. Déanfaidh an Roinn Fiontar faireachán ar an dul chun cinn sna réimsí seo d'fhonn beart a dhéanamh chun an lúb logánta a scaoileadh agus rochtain gan sreanga a bheith a bheith ar fáil go logánta chomh sciobtha agus is feidir, faoi mar a mhol an Coiste Comhairleach um Theileachumarsáid.

IPO Thelecom Éireann agus scaradh le Cablelink

14. Leanfadh an Roinn Fiontar leis an ullmhúchán sna réimsí sin d'fhonn é a bheith scartha le Cablelink roimh Aibreán 1999 agus IPO Thelecom Éireann a bheith déanta roimh Iúl 1999.

Grúpa um Bhonneagar Cumarsáide

15. Bunóidh an Roinn Fiontar Poiblí grúpa chun a bheith ag plé le bonneagar sa tionscal roimh dheireadh Feabhra 1999.

-

FORBAIRT NA TRÁCHTÁLA LEICTREONAÍ AGUS DEISEANNA GNÓ

Páirc Dhigiteach

16. Tá an obair chun Páirc Dhigiteach Bhaile Átha Cliath a oscailt ag dul ar aghaidh go maith ag an Údarás Forbartha Tionscail (IDA) i gcomhar leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an Roinn Fiontar Poiblí mar is cuí. Aimseoidh an IDA láthair shásúil eile i gceantar na nduganna i mBaile Átha Cliath chomh luath agus is féidir.

Clár Gníomhaíochta um Fhorbairt Ghnó

17. Roimh dheireadh an Mhárta 1999, cuirfidh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus na háisínteachtaí eile um fhorbairt tionscail, cuirfidh siad bailchríoch ar chlár gníomhaíochta mar gheall ar thráchtáil leictreonach agus an gnó a bhaineann léi a fhorbairt. Pléfear conas deiseanna fostaíochta a fhorbairt i réimsí infheistíochta dírí ón gcoigrích agus forbairt comhlachtaí dúchasacha.

Fiontraíocht

18. Scrúdóidh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta bearta chun cultúr fiontraíochta a fhorbairt i gcomhthéacs obair na n-áisínteachtaí forbartha agus ullmhú don phlean gníomhaíochta a ndearnadh tagairt dó thuas.

BEARTAIS CHUMASAITHE

Rochtain.

19. Cinnteoidh an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Aitiúil go mbeidh Ríomhairí Pearsanta, ceangal ISDN, agus rochtain idirlín ar fáil i ngach leabharlann phoiblí. Déanfar an obair seo de réir a chéile, ag tosú láithreach.

20. Leathnóidh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh a gclár féin chun áiseanna agus traenáil ríomhaireachta a chur ar fáil d'eagrais phobail agus d'eagrais dheonacha i 1999.

21. Déanfar tuilleadh plé ar bhealaí chun ligean do dhaoine nach bhfuil ríomhaire pearsanta ná teacht ar an idirlíon acu faoi láthair an idirlíon a rochtain. Scrúdófar na buntáistí a bhainfeadh le bothanna speisialta agus gréasáin náisiúnta ar nós scoileanna, oifigí poist, srl. a úsáid. Beidh tuarascáil ar an gceist seo agus ar na deiseanna a thabharfadh forbairt sheirbhísí digiteacha teilifíse chuige ullamh roimh Mheitheamh 1999. Scrúdóidh an tuarascáil deiseanna chun costais ríomhairí a ísliú.

Táillí Rochtana ar an Idirlíon

22. Leanfaidh an Roinn Fiontar Poiblí orthu ag spreagadh soláthróirí seirbhísí Idirlín agus soláthróirí sheirbhísí teileacumarsáide a dtáillí rochtana agus úsáide a ísliú.

"Ríomhphost do chách"

23. Tá cuireadh á thabhairt don Choimisiún um Sochaí an Eolais bailchríoch a chur ar a measúnú ar na féidearachtaí agus ar na bhuntáistí a bheadh le seoladh ríomhphoist agus rochtain idirlíon a bheith ag gach saoránach roimh dheireadh Mhárta 1999.

Údaráis deimhnithe agus ceadúnais le haghaidh soláthróirí seirbhísí digiteacha

24. Aithneoidh An Roinn Fiontar, i gcomhar le ranna eile a bhfuil tionscadail ghradamacha á bhforbairt acu a bhfuil d'aidhm acu seirbhísí poiblí a chur ar fáil go leictreonach, aithneoidh siad údaráis a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach mar údaráis deimhnithe,ionas go mbeidh ceann amháin díobh bunaithe roimh Mheitheamh 1999. San am céanna, déanfar machnamh ar an eagras Stáit nó eile ar cheart freagracht a leagan air i leith údarás deimhnithe a bhronnadh. Roimh Mheitheamh 1999, cuirfidh an Roinn Fiontar Poiblí bailchríoch ar mholtaí le haghaidh reachtaíochta i dtaobh córais chun aitheantas a thabhairt do cheadúnais a eisíonn údaráis deimhniúcháin i dtíortha thar sáile.

Cosaint cearta agus sonraí

25. Déanfaidh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta faireachán ar fhorbairtí idirnáisiúnt sna réimsí seo agus scrúdóidh siad meicníochtaí d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfar dualgais dhlíthiúla idirnáisiúnta agus go bhfeidhmeofar de réir na gcur chuige féinrialaithe.

Pointí rochtana sna seirbhísí poiblí

26. I gcomhar le Ranna agus áisínteachtaí eile, forbróidh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail, agus Teaghlaigh, Straitéis Comhtháite le haghaidh na Seirbhísí Sóisialta. Iarracht a bheidh ann cearta an tsaoránaigh a chur chun tosaigh agus rochtain ar sheirbhísí poiblí a éascú. Bunófar an straitéis seo ar an gcreatlach reachtúil a tugadh isteach i 1998 le haghaidh an Uimhirchárta Pearsanta Seirbhísí Poiblí agus an Chárta Seirbhísí Poiblí. Is é is aidhm dó pointe coiteann rochtana a chur ar fáil do shaoránaigh chun úsáid a bhaint as seirbhísí poiblí nó eolas a lorg. Cuid den straitéis is ea modhanna sásúla deimhniúcháin agus incriptithe a cheadóidh idirbheartaíocht shábháilte leictreonach idir an saoránach agus an tseirbhís phoiblí .Ullmhófar tuairisc ar dhul chun cinn na hoibre roimh Mheitheamh 1999.

27. Cinnteoidh an Roinn Sláinte agus Leanaí agus an Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail, agus Teaghlaigh go mbeidh na coincheapa sin inchorpraithe go hiomlán i bpleananna forbartha na Oifige Cláraithe Ginearálta.

28. Cinnteoidh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta go gcuirfear socruithe den chineal sin le haghaidh gnólachtaí i gcomhthéacs fhorbairt Oifig Chláraithe na gCuideachtaí.

29. Déanfar comhordú ar thionscnaimh sa réimse seo d'fhonn a chinntiú go mbeidh teacht ar an oiread díobh agus is féidir ón bpointe rochtana céanna agus go mbeidh siad lán-chomhoiriúnach le haon riachtanais cheadúnaithe digiteacha a theastóidh le haghaidh cumarsáide shábháilte leictreonaí.

Meicníochtaí le haghaidh íocaíochtaí leictreonacha

30. Iarrfar ar na hinstitiúidí airgeadais moltaí a ullmhú le haghaidh córais chuí chun íocaíochtaí leictreonacha san gheilleagar a éascú. Rachfar i gcomhairle le grúpaí éagsúla leasmhara d'fhonn aontú ar mheicníochtaí chun an obair a chur chun cinn go sciobtha sa réimse seo. Beidh meicníochtaí, a mbeidh baint ag ionadaithe na ngrúpaí éagsúla leasmhara páirteach iontu, ar bun roimh dheireadh Mhárta 1999.

BEARTAIS REACHTÚLA AGUS RIALÚCHÁIN

Síniúcháin digiteacha agus incriptiú

31. Tá reachtaíocht á dréachtú ag an Roinn Fiontar Poiblí chun idirbhearta leictreonacha a éascú. Cuid den reachtaíocht sin údarás ceadúnaithe a bhunú a thabharfaidh aitheantas dlíthúil do shíniúcháin leictreonacha. Ullmhófar dréacht-cheannteidil an Bhille roimh dheireadh Aibreáin 1999.

Fianaise leictreonach sna Cúirteanna

32. Scrúdóidh an Roinn Dlí, Cirt Comhionannais agus Athchóiriú Dlí agus an Roinn Fiontar Poiblí na deiseanna atá ann chun reachtaíocht ar an ábhar seo a achtú go luath, sula ndéanfar an é a chlúdach i bhforálacha níos ginearálta mar gheall ar láimhseáil clostráchta.

Cosaint sonraí

33. Féachfaidh an Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta le bearta féinrialaithe cuí a fhoráladh laistigh den reachtaíocht chuí.

Cóipcheart

34. Tá dréachtreachtaíocht ullmhaithe ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Achtófar an reachtaíocht seo chomh luath agus is féidir.

IPO Thelecom Éireann

35. Ullmhóidh an Roinn Fiontar Poiblí reachtaíocht a achtófar roimh Mhárta 1999.

Suiteáil/rochtain bhonneagar teileacumarsáide

36. Tá moltaí maidir le suiteáil bhonneagar teileacumarsáide ullmhaithe ag an Roinn Fiontar Poiblí agus cuireadh faoi bhráid an Rialtais iad i mí Iúil 1998. Rialaíonn siad fadhbanna ar nós cearta oibrithe chun rochtain a shuiteáil, bonneagair a bheith á roinnt idir comhlachtaí, srl. Foilseofar dréachtreachtaíocht gan mhoill.

Rialú Teileacumarsáide

37. Nuair a bheidh an t-athbhreithniú a luadh thuas (alt 10) críochnaithe, ullmhóidh an Roinn Fiontar Poiblí páipéar ar Pholasaí Rialaithe mar réamhobair d'ullmhú reachtaíochta a thabharfaidh aghaidh ar chumhachtaí an ODTR agus ról na hOifige maidir le hiomaíocht, más cuí. Beidh an páipéar seo ullamh roimh dheireadh Bhealtaine 1999.

Teilifís dhigiteach

38. Cuirfidh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán bailchríoch ar an obair ar dhréachtú reachtaíochta chun cinnidh an Rialtais a chur i bhfeidhm maidir le teilifís dhigiteach dhomhanda, ar a n-áirítear an ról breise a mheastar a bheidh ag an gCoimisiún Neamhspleách um Raidió agus Teilifís ar shlí go n-achtófar an reachtaíocht sin roimh lár 1999. Ba cheart go mbeadh páirtí cothromais do RTÉ aitheanta faoin am sin chun cuideachta a bhunú d'fhonn an bonneagar craolta a oibriú.

Forbairtí idirnáisiúnta

39. Cuirfidh na Ranna Rialtais cuí, ar a n-áirítear an Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta, an Roinn Airgeadais agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, cuirfidh siad dearcadh Rialtas na hÉireann chun cinn i bhforbairtí idirnáisiúnta a bhaineann le tráchtáil leictreonach. Cuid den dearcadh sin nach gá aon sainchánacha nua a thabhairt isteach, agus cinnteoidh siad go dtionscnófar aon chinnidh a dhéanfar ag AE, ECEE, srl. sa dlí

náisiúnta chomh luath agus is féidir.

TEICNEOLAÍOCHT EOLAÍS AGUS CUMARSÁID (TEC) AGUS SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ POIBLÍ

Sraith a hAon—Seirbhísí Eolais

40. Cinnteoidh gach Roinn agus áisínteacht go mbeidh láithreáin idirlín á reáchtáil acu a chuirfidh eolas suas chun dáta, foirmeacha, bileoga, srl. chomh maith le naisc úsáideacha chuig láithreáin eile ar fáil. Cuirfear ábhair nua ar fáil go leictreonach trí láithreáin idirlín ar aon uain leis na bealaí seanbhunaithe traidisiúnta. Cuirfidh na Ranna agus na háisínteachtaí nach raibh an tseirbhís sin acu go dtí seo tús lena leithéid láithreach.

41. Cuid dhílis den ghnáthréimse theagmhála a bheidh sa ríomhphost feasta agus déanfaidh Ranna agus áisínteachtaí socruithe chun fiosruithe ríomhphoist a fhreagairt go pras. Bainfear oiread úsáide agus is féidir as teicneolaíochtaí *push* chun eolas a scaipeadh.

42. Glacfar ar fud na seirbhíse le treoirlínte maidir le hábhair, le formáid, agus le cur i láthair, srl., do láithreáin idirlín, agus bunófar grúpa Idir-Rannacha le deileáil leis na ceisteanna sin. Léireofar polasaí an Rialtais maidir le seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge san obair seo.

43. Páirt dhlúth den chuid sin den Tionscnamh Bainistíochta Straitéise ar a dtugtar 'Seirbhís den Scoth do Chustaiméirí' ná caighdeáin a leagan amach le haghaidh láithreán idirlín na seirbhíse poiblí, ar a n-áireofar soláthár do riachtanais dhaoine míchumasacha. Déanfaidh gach Roinn iniúchadh i leith riachtanas an ghníomhphointe seo roimh Mhárta 1999, agus beidh a thoradh le feiceáil i dtuarascáil bhliantúil gach Roinne.

44. Tionscnófar bunachar sonraí a chuirfidh eolas faoin tseirbhís phoiblí ar fáil go leictreonach ar mhodh a bheidh dírithe ar an gcliant—ceann amháin le haghaidh na saoránach agus ceann eile le haghaidh riachtanas gnó. Cuirfidh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh, tríd an mBord Náisiúnta Seirbhísí Sóisialacha, cuirfidh siad tús le bunachar sonraí an tsaoránaigh agus cuirfidh an Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta tús leis an mbunachar sonraí gnó. Ba cheart go mbeadh an dá bhunachar sonraí ag obair roimh dheireadh 1999. Ullmhóidh na Ranna sin pleananna chun na tionscadail sin a chothabháil ar bhonn leanúnach.

45. Spreagfar seirbhísigh phoiblí chun leas a bhaint as buntáistí TEC agus chun iad féin a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí sa réimse sin agus ar an gcaoi ar féidir é a chur ag obair ina gcuid pleananna gnó. Ullmhóidh an Roinn Airgeadais moltaí le haghaidh tionscnamh oideachais agus forbartha maidir leis seo roimh dheireadh Mhárta 1999, d'fhonn iad a chur i bhfeidhm i gcaitheamh 1999.

Sraith a Dó—seirbhísí idirghníomhacha

46. Beidh ar gach tionscadal nua soláthair seirbhísí atá bunaithe ar Theicneolaíocht Eolais agus Teileacumarsáide, beidh orthu cloí leis na prionsabail a fhorbrófar faoin bPlean Gníomhaíochta seo maidir le seachadadh leictreonach, íocaíochtaí leictreonacha, modhanna leictreonacha chun sonraí a sheachadadh idir Ranna, agus na coincheapa a bhaineann le ceadúnú digiteach. Cuirfear conas a chloítear leis na prionsabail seo san áireamh agus acmhainní á ndáileadh.

47. Forbróidh na heagrais seo a leanas tionscadail ghradamacha phíolótacha (i gcomhthéacs Thionscnamh an Uimhirchárta Pearsanta Seirbhísí Poiblí/an Chárta Seirbhíse Poiblí) a mbeidh d'aidhm acu pointí iontaofa rochtana a bhunú i gcaitheamh na bliana 1999: An Roinn Gnóthaí Sóisialacha Pobail agus Teaghlaigh, an Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta (ar son Oifig Chláraithe na gCuideachtaí) agus Clárlann na Talún (seirbhís leictreonach le haghaidh fóiliónna a rochtain). Cuirfear tuarascálacha ar fáil maidir le dul chun cinn gach ráithe.

48. Forbróidh na Ranna, i bpáirt le chéile, na tionscadail phiolótacha seo a leanas: idirghréasan inmheánach iontaofa chun cumarsáid shábháilte leictreonach a éascú idir Ranna; deis a chruthú don phobal chun eolas a fháil go leictreonach, agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ghréasán príobháideach fíorúil teileafóin (in éineacht leis an ngréasán inmheánach thuasluaite, b'fhéidir). Stiúrfaidh an Roinn Airgeadais (CMOD) na tionscadail seo agus eiseofar tuairiscí ráithiúla ar a ndul chun cinn, ag tosú i Márta 1999.

49. Déanfar tuilleadh forbartha ar chóras leictreonach íocaíochtaí taobh istigh den tseirbhís phoiblí, agus spreagfar cliaint chun glacadh le híocaíochtaí leictreonacha. Beidh sé seo ar aon dul le tionscadail eile chun córais leictreonacha íocaíochta a chur chun cinn go ginearálta.

50. Cuirfidh roinnt Ranna aonaracha tionscadail ghradamacha phíolótacha ar bun. Forbrófar na tionscadail seo, a ndéanfar trácht orthu sna hailt a leanas, go sciobtha. Mura bhfuil na tionscadail ar bun cheana féin, pleanáilfear iad sa chaoi go mbeifear in ann iad a thionscnaimh i gcaitheamh 1999. Beidh na tionscadail ag teacht le forbairtí i gcomhéadain client agus i gceadúnú seirbhísí digiteacha a bhfuil trácht orthú in alt 26.

51. Roghnóidh Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim ar a laghad ceann amháin de na tuairisceáin is toirtiúla a bhfuil acu, (m.sh. tuairisceáin thráthrialta CBL nó tuairisceáin féinmheasta cuideachtaí agus trádálaithe aonaracha) mar tionscadal píolótach le haghaidh a chomhadaithe go leictreonach. Scrúdóidh siad freisin na deiseanna atá ann chun roghanna nua íocaíochtaí leictreonacha a thabhairt isteach, agus cuirfidh siad tionscadal píolótach amháin ar a laghad chun cinn sa réimse sin.

52. Leanfaidh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (CRO) ag forbairt tionscadal píolótach a ligfidh do chuideachtaí a gcuid tuairisceán bliantúil a sheoladh isteach go leictreonach. Rachaidh an Roinn sin ar aghaidh lena pleananna chun ligean do chuideachtaí árachais a dtuairisceáin bliantúla a chomhadú go leictreonach, chomh maith le háis chun éilimh ar íocaíochtaí Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta a ríomh agus a chuir isteach.

53. Aithneoidh agus forbróidh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh seirbhísí a bheadh oiriúnach le haghaidh a seachadadh go lánleictreonach, de réir choincheap an Chárta Seirbhíse Poiblí/Rochtain Chomhtháite do Shaoránaigh a luadh thuas (ailt 26 agus 47). Leanfaidh an Roinn sin lena tionscadal píolótach maidir le híocaíochtaí sochair le cártaí Lasar i gcomhthéacs thionscadal Bhaile Ré an Eolais in Inis.

54. Forbróidh an Roinn Sláinte agus Leanaí seirbhísí píolótacha chun othair a aithint, taifid chúraim sláinte a lorg, srl., agus bainfidh leas as coincheap an Chárta Seirbhísí Poiblí/an Córais Shóisialaigh Chomhtháite a luadh thuasá úsáid aici.

55. Rachfaidh an Roinn Talmhaíochta agus Bia ar aghaidh le tionscadal a ligfidh d'fheirmeoirí foirmeacha iarratais ar scéimeanna cinn agus ar scéimeanna préimheanna a sheoladh isteach go leictreonach.

56. Forbróidh an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil tionscadal píolótach chun iarratais ar scrúduithe tiomána a phróiseáil agus glacadh le táillí scrúdaithe go leictreonach.

57. Forbróidh an Phríomhoifig Staidrimh a cuid seirbhísí dáiliúcháin chun ligean d'úsáideoirí a cuid bonneagar agus staitisticí a rochtain tríd an idirlíon. Bunóidh sí freisin tionscadal píolótach chun ligean do chuideachtaí tuairisceáin staitisticiúla cuí a chur isteach i bhfoirm leictreonach.

58. Forbróidh an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil (údaráis áitiúla), an Roinn Sláinte agus Leanaí (boird sláinte), an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (scoileanna) gréasáin intaofa inmheánacha ina n-earnálacha féin chun cumarsáid a dhéanamh ar fud a n-eagraíochtaí éagsúla.

59. Scrúdófar na deiseanna atá ann chun cainéal a fhorbairt le haghaidh seirbhísí poiblí a sholáthar i gcomhthéacs seirbhísí teilifíse digití a bheith á bhforbairt agus mar mhodh chun seirbhísí poiblí a chur ar fáil go leictreonach. Clúdófar an coincheap seo i dtuarascáil roimh dheireadh an Mheithimh 1999.

60. Beidh tuairisc ar dhul chun cinn maidir le húsáid TEC agus soláthar seirbhísí leictreonacha, ar a n-áirítear toradh an scrúdaithe inmheánaigh sa réimse sin, i dtuarascáil bhliantúil gach Roinne agus áisínteachta.

Sraith a trí—seirbhísí lán-chomhtháite

61. Cuirfear tús le mionscrúdú ar na ceisteanna a bhaineann le seirbhísí lán-comhtháite poiblí (sraith a trí) d'fhonn a fháil amach cé chomh fada agus is féidir an tsraith seo a fhorbairt, moltaí a ullmhú le haghaidh tionscadal oiriúnach agus an chaoi ar chóir iad a chur chun cinn a thaispeáint. Críochnófar tuarascáil ar an gceist seo i 1999.

RÉIMSÍ TACAÍOCHTA A BHFUIL GÁ LE GNÍOMHAÍOCHT IONTU

Feasacht

62. Leanfaidh Coimisiún um Shochaí an Eolais agus IBEC lena gcomhfheachtas feasachta d'fhiontair bheaga agus meánmhéide i gcaitheamh 1999.

63. Tabharfar cuireadh do Choimisiún um Shochaí an Eolais chun moltaí a dhéanamh le haghaidh tionscadail eile a mhéadóidh ar fheasacht an phobail go ginearálta agus ar fheasacht earnáil na n-eagras deonach/eagras neamhrialtais, d'fhonn iad a chur i bhfeidhm sa chuid eile de 1999.

Oideachas

64. Cuirfidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta an *Ciste Infheistíochta um Theicneolaíocht an Oideachais* ag obair gan mhoill agus cuirfidh sí Tionscadal Theicneolaíocht Eolais 2000 na Scoileanna i bhfeidhm.

65. Tabharfar cuireadh don Choimisiún um Shochaí an Eolais chun bealaí eile a scrúdú chun coincheap an oideachais saoil a fhorbairt, chun bealaí a mholadh chun deis a thabhairt dóibh siúd atá taobh amuigh de phróiseas foirmiúil an oideachais leas a bhaint as bonneagar an oideachais fhoirmiúil, agus chun roghanna eile a aithint chun deiseanna foghlama a thabhairt isteadh le haghaidh an phobail ar fad.

66. Scrúdófar moltaí Ghrúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scileanna don Todhchaí agus déanfar bearta cuí chomh luath agus is féidir.

67. Mar chuid den straitéis chun aghaidh a thabhairt ar eisiamh sóisialach, féachfar le freastal ar riachtanais speisialta na sean agus na ndaoine míchumasacha. Cuirfear dea-chleachtas, bunaithe ar chaighdeáin sheanbhunaithe deartha, i bhfeidhm i bhforbairt fheidhmiúcháin Teicneolaíocht Eolais agus Teileacumarsáide ag Ranna Rialtais agus ag áisínteachtaí, agus iarrfar ar an Údarás Náisiúnta Míchumais monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeáin sa réimse sin.

Eolas margaidh agus rianú dul chun cinn

68. Cuirfidh an Roinn Fiontar Poiblí agus an Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta agus a cuid áisínteachtaí agus Coimisiún Shochaí an Eolais, cuirfidh siad bailchríoch ar Thaighde Margaidh roimh dheireadh na Feabhra 1999, d'fhonn an áis seo a bhunú roimh lár na bliana 1999. Déanfaidh na heagrais chéanna moltaí faoi mheicníochtaí a fhorbairt chun dul chun cinn na hÉireann agus cé chomh hullamh agus atá sí i gcomparáid le caighdeáin idirnáisiúnta a thomhas.

Taighde agus forbairt

69. Ullmhóidh an Roinn Fiontar, Trádála, agus Fostaíochta agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i gcomhar le Ranna agus áisínteachtaí eile moltaí le haghaidh feabhsú sa réimse thaighde agus forbartha. Cuirfidh siad san áireamh moltaí an Ghrúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scileanna don Todhchaí sa réimse sin.

DUL CHUN CINN NA hOIBRE

Plé idirnáisiúnta

70. Cinnteoidh Ranna Rialtais a bhíonn ag plé le gnéithe de pholasaí Shochaí an Eolais go mbeidh ionadaíocht ag Éirinn ag gach plé ábhartha ar leibhéal idirnáisiúnta, go mbeidh dearcadh na hÉireann ina dhlúthchuid d'aon mholtaí nó cinnidh a dhéantar, chomh fada agus is féidir sin, agus go bhfuil leorshocruithe déanta chun eolas ó na comhráití sin a scaipeadh go sciobtha. Déanfar é seo ar bhonn reatha.

Grúpa Feidhmithe

71. Tá Grúpa idir-Rannach á bhunú chun a chinntiú go gcuirfidh na Ranna agus na háisínteachtaí cuí an Plean Gníomhaíochta i bhfeidhm agus chun moltaí eile a dhéanamh de réir mar is gá chun Sochaí an Eolais a fhorbairt. Oifigigh ar leibhéal Rúnaí Ginearálta Cúnta a bheidh i gcomhaltaí de chuid an Ghrúpa.

Foireann forbartha polasaí

72. Tá Foireann Forbartha Polasaí Shochaí an Eolais á bunú chun cabhrú le obair an Ghrúpa Feidhmithe, chun

comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le feidhmiú Shochaí an Eolais agus chun cur le forbairt pholasaithe sa réimse sin.

Acmhainní

73. Déanfaidh na Ranna agus na háisínteachtaí, i gcomhairle le Roinn an Taoisigh agus an Roinn Airgeadais, agus leis an nGrúpa Feidhmithe, déanfaidh siad meastúchán a sholáthar de réir ghnáthphleanáil airgeadais ar na hacmhainní a theastóidh chun cinntiú go gcuirfear an plean seo i bhfeidhm go ráthúil.

74. Cinnteoidh Ranna agus áisínteachtaí go mbeidh a straitéis dáilithe acmhainní inmheánacha i gcomhréir leis an ardphríoracht atá á tabhairt ag an Rialtas d'fheidhmiú an phlean seo.